# Leabharlann Beag

Cuireann **'Gaeilge Locha Riach'** fáilte roimh chairde buaileadh isteach agus leabhair a thabhairt ar iasacht mar chuid den leabharlann bheag atá oscailte san oifig ar mhaithe le daoine fásta.

Níl costas ar bith ar an scéim seo ach iarrtar ar Ghaeil buaileadh isteach agus leabhar amháin a roghnú agus páirt a ghlacadh sa chlub leabhar.

Tá breis is 120 leabhar sa chnuasach ina bhfuil *cúrsaí staire, béaloideasa, taighdí ar dhírbheathaisnéis, úrscéalta, gearrscéalta, filíocht* agus *seanlitríocht na hÉireann* le léamh. Creidtear go bhfuil rogha breá fairsing ag an chlub leabhar agus beidh sé i gceist ag an chlub tógáil ar an leabharlann beag atá ar fáil fá láthair.

Beidh **'Oíche na Leabhar'** eagraithe don 20 Samhain i mbliana agus cuirfear fáilte roimh dhaoine teacht isteach agus na leabhair atá léite acu a phlé. Ní bheidh léirmheas criticiúil de dhíth ach tuairimí macánta.

Tá spéis ar leith léirithe sa bhailiúchán bheag cheana féin agus beidh fáilte i gcónaí roimh dhaoine eile buaileadh isteach agus leabhair a roghnú.



**Seán Bane**, *(The Flooring Store)*, ag roghnú leabhar nó dhó dó féin agus an leabharlann beag oscailte ag oifigí **'Gaeilge Locha Riach'**.

# Seisiún Gaelach

Mar eolas… scaip an focal …más féidir.
***Séisiún***
Satharn
18/10/08
@ 9.00

**Tigh Morrissey's**
**Baile Locha Riach**

Beannachtaí
P Rua

# Scoileanna agus Féile Raifteirí 2009

Tá tús breá curtha le Féile Raifteirí 2009 cheana féin agus clár na Féile leagtha amach don dheireadh seachtaine 27-29 Márta '09.

Mar chuid den fhéile, ba mhaith le **'Gaeilge Locha Riach'** cuireadh a thabhairt do scoileanna a bheith rannpháirteach i **'Féile Raifteirí 2009'**.

Mar a tharlaíonn sé, tá **'Ceolchoirm na n-Óg'** eagraithe idir 4:00 agus 6:00 tráthnóna Sathairn 28 Márta 2009 san Óstán Lough Rea.

Cuirfear fáilte roimh scoileanna mírín suas le 15 nóiméad a léiriú ar stáitse bunaithe ar an téama **'Raifteirí sa Phobal'**. Tá féidireachtaí éagsúla ina leithéid de léiriú:

- Drámaíocht
- Amhránaíocht
- Filíocht
- Ceol
- Lúibíní / Agallamh Beirte
- Ceoldhráma

*Cinnte, tá gach fáilte an méid thuasluaite a phlé le* **'Gaeilge Locha Riach'** *ag* ***091 870718*** *nó ag* prua@lochariach.com *am ar bith. Má tá spéis ag scoil a bheith ag* **Féile Raifteirí 2009***, cuirfear fáilte roimh teagmháil luath agus am a chur in áirithe don cheolchoirm.*